Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 28 Bealtaine 2020**
**(OR. en)**

**8399/20**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0196(COD)**

**FSTR 74**
**REGIO 105**
**FC 43**
**SOC 344**
**PECHE 132**
**CADREFIN 102**
**JAI 416**
**SAN 178**
**CODEC 426**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ard-Rúnaí an Choimisiúin Eorpaigh,<br>arna shíniú ag Jordi AYET PUIGARNAU, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 28 Bealtaine 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2020) 450 final |
| Ábhar: | Togra leasaithe le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2020) 450 final.

---

Faoi iamh: COM(2020) 450 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.5.2020
COM(2020) 450 final

2018/0196 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

# RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

**lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí"**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

Ghlac an Coimisiún Eorpach, an 29 Bealtaine 2018, a chuid tograí reachtacha lena rialaítear úsáid chistiú an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh na tréimhse 2021-2027[1], lena gcuirtear creat ar thacaíocht na gCistí timpeall ar roinnt tosaíochtaí beartais criticiúla an Aontais.

Go luath i mbliana, baineadh suaitheadh eisginiúil agus córasach nach bhfacthas riamh roimhe as geilleagar na hEorpa mar gheall ar phaindéim COVID-19. Lean iarmhairtí sóisialta agus eacnamaíocha tobanna agus tromchúiseacha an brú láithreach a bhí ar na córais sláinte mar aon leis na taismigh dhaonna uafásacha a tháinig de sin.

Mar gheall air sin, tiocfaidh meath suntasach ar aschuir, laghdú ar líon na n-oibreoirí eacnamaíocha agus méadú géar ar an dífhostaíocht agus ar an mbochtaineacht. Ina theannta sin, bainfidh dúshláin nach beag leis sin maidir le hairgeadas poiblí agus bainistiú fiach sna blianta amach romhainn, rud a d'fhéadfadh srian a chur leis an infheistíocht phoiblí is gá le haghaidh téarnamh agus forbairt eacnamaíoch.

Mar fhreagairt láithreach, cuireadh in oiriúint cheana na hionstraimí beartais chomhtháthaithe atá ar fáil faoi láthair faoi chláir 2014-2020. Rinneadh an chéad leasú[2] ar Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 i dtaca leis sin, chun córais sláinte na mBallstát a neartú le hinfheistíochtaí méadaithe agus chun tacú le hoibreoirí agus le oibrithe eacnamaíocha. Leanadh an dara leasú sin an chéad leasú[3], arb é ab aidhm dó solúbthacht eisceachtúil a sholáthar do Bhallstáit chun a gcláir a bhainistiú agus a leasú, nuair is gá dóibh déanamh amhlaidh chun aghaidh a thabhairt ar an ngéarchéim.

Thairis sin, tá an Coimisiún ag moladh leas iomlán a bhaint as buiséad an Aontais chun infheistíocht a shlógadh agus tacaíocht airgeadais a thús-ualú sna chéad bhlianta ríthábhachtacha sin den téarnamh. Tá na tograí sin bunaithe ar dhá cholún. Ar lámh amháin, cuirfidh Ionstraim Téarnaimh Eorpach borradh sealadach le cumas airgeadais bhuiséad an Aontais trí leas a bhaint as an tsolúbthacht i mbuiséad an Aontais chun maoiniú breise a chruinniú ar na margaí airgeadais. Ar an lámh eile, beidh creat airgeadais ilbhliantúil atreisithe ann le haghaidh 2021-2027. Tá an Coimisiún ag moladh príomhchláir a neartú leis an Ionstraim Téarnaimh Eorpach chun infheistíocht a threorú go tapa chuig an áit is mó a bhfuil gá leis, an margadh aonair a atreisiú, cur leis an gcomhar i réimsí amhail sláinte agus bainistiú géarchéime, agus buiséad a thabhairt don Aontas a bheadh saincheaptha chun dlús a chur leis an aistriú fadtéarmach chuig Eoraip a bhfuil teacht aniar níos mó inti, atá níos glaise agus atá digiteach.

Baineann an togra atá ann faoi láthair leis an dara colún a luaitear thuas. Beidh ar infheistíochtaí beartais chomhtháthaithe sa tréimhse 2021-2027 a ról fadtéarmach a imirt mar ionstraimí feabhsúcháin fáis agus cóineasaithe ó 2021 ar aghaidh, tráth a bheidh súil le go mbeidh geilleagar an Aontais ag tosú teacht aniar ón gcúlú tromchúiseach.

I dtaca leis sin, tá bunús le hoiriúnacht dhearadh an bheartais chomhtháthaithe le haghaidh 2021-2027 atá múnlaithe ar straitéisí fáis a sheasfaidh slán i bhfad na haimsire, go háirithe leis

[1] COM(2018) 375 final.
[2] Rialachán (AE) 2020/460.
[3] Rialachán (AE) 2020/558

an díriú téamach trí bhéim a leagan ar an iomaíochas eacnamaíoch, ar chlár an Chomhaontaithe Ghlais agus ar chur chun cinn Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta. Tá sé ríthábhachtach imthosca fabhracha a áirithiú maidir le téarnamh tapa chun an bealach a réiteach i gcomhair fhorbairt eacnamaíoch an Aontais, fad a chomhlíontar cuspóir an Chonartha chun cóineasú a chur chun cinn agus éagothromaíocht a laghdú. Agus tacaíocht á soláthar, ní mór béim ar leith a chur ar na réigiúin is mó atá buailte ag an ngéarchéim agus ar lú a gcumas teacht aniar.

Den pháirt eile, ós rud é gur tharla an phaindéim go tobann agus gan choinne, is léir go bhfuil gá le breis solúbthachta agus cumas freagartha i dtaca leis an mbeartas comhtháthaithe. Go háirithe, ní mór breis solúbthachta a dheonú do na Ballstáit faoi chomhair acmhainní a aistriú i measc na gCistí, tráth ar bith den tréimhse chláraithe.

Ina theannta sin, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh an creat dlíthiúil foráil maidir le sásraí is féidir a agairt go tapa má bhaintear tuilleadh suaite as an Aontas sna blianta amach romhainn. Dá réir sin, moltar bearta chun na Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha lena n-áirithiú go ndéanfar, faoi na himthosca sin a leagtar critéir amach ina leith, maoluithe a sholáthar do rialacha áirithe chun freagairt a éascú sna himthosca sin. Sa chomhthéacs sin, ba cheart an chumhacht a thabhairt don Choimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir le bearta sealadacha chun go mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha.

Ar deireadh, tá dochar déanta ag paindéim COVID-19 d’inniúlacht na dtairbhithe chun oibríochtaí arna dtacú faoi chláir 2014-2020 a dhéanamh in am trátha, tar éis moilleanna chur chun feidhme agus easnamh. Mar gheall ar iarmhairtí buiséideacha na géarchéime, féadfaidh nach mbeidh tairbhithe in acmhainn tabhairt i gcrích na n-oibríochtaí lena mbaineann a mhaoiniú roimh an spriocdháta dúnta. I dtaca leis sin, ba cheart breis solúbthachta a dheonú chun gur féidir céimniú a dhéanamh ar oibríochtaí.

Cuirtear na modhnuithe beartaithe sin i gcrích le togra comhthreomhar chun leasú a dhéanamh ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe[4], d'fhonn ullmhacht na gcóras sláinte a atreisiú agus leas níos fearr a bhaint as acmhainneacht an chultúir agus na turasóireachta, i bhfianaise a leochailí atá siad i leith na géarchéime agus a ríthábhachtaí atá siad i roinnt ceantar. Mar an gcéanna, tá ag gabháil leis an togra seo leasú beartaithe ar an togra le haghaidh Rialachán maidir le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus[5] chun tacaíocht a atreisiú le bearta dírithe ar fhostaíocht le haghaidh daoine óga agus ar bhochtaineacht leanaí mar aon le béim bhreise a leagan ar thacú leis an lucht saothair chomh fada leis na haistrithe glasa agus digiteacha.

Ar leibhéal an Aontais, is é an Seimeastar Eorpach um chomhordú an bheartais eacnamaíoch an creat a úsáidtear chun tosaíochtaí náisiúnta athchóiriúcháin agus infheistíochta a shainaithint, faoi chomhair tacaíochta ó na Cistí san áireamh. Le roinnt blianta anuas, tá naisc dhlúthcheangailte bunaithe idir próiseas an tSeimeastair Eorpaigh agus infheistíochtaí beartais chomhtháthaithe - fágann sé sin go bhfuil an beartas an-oiriúnach chun dul chun cinn a dhéanamh i dtaca le hinfheistíochtaí arna sainaithint i bpróiseas an tSeimeastair Eorpaigh. Chuir próiseas an tSeimeastair Eorpaigh réimsí tosaíochta sonracha le haghaidh tús-ualú ar infheistíochtaí poiblí chun rannchuidiú leis an téarnamh agus forbairt eacnamaíoch.

4 COM(2018) 372 final.
5 COM(2018) 382 final.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Níl i gceist leis an togra ach leasuithe spriocdhírithe ar an togra ar Rialachán lena leagtar síos forálacha Coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bhainistiú Teorainneacha agus um Víosaí ('togra RFC') agus caomhnaítear leis a chomhsheasmhacht le beartais eile an Aontais.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Tá an togra bunaithe ar Airteagal 322(1)(a) den Chomhaontú maidir leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), lena dtugtar an bunús dlí le rialacháin a ghlacadh chun na rialacha airgeadais a leagan síos lena gcinntear, go háirithe, an nós imeachta atá le glacadh chun an buiséad a bhunú agus a chur chun feidhme agus chun cuntais a chur i láthair agus a iniúchadh.

Ina theannta sin, tá sé bunaithe ar Airteagal 177 CFAE agus ar Airteagal 349 CFAE.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní dhéantar, leis an togra seo, aon mhodhnú ar mhodh seachadta an bheartais Comhtháthaithe, modh atá á chur chun feidhme go fóill faoin mbainistíocht chomhroinnte.

Cuirtear bonn taca faoin mbainistíocht chomhroinnte le prionsabal na coimhdeachta, toisc go dtarmligeann an Coimisiún cúraimí clársceidealúcháin agus cur chun feidhme straitéiseacha chuig na Ballstáit agus na réigiúin. Ina theannta sin, ní chuireann sé teorainn le gníomhaíochtaí an Aontais Eorpaigh ach a mhéid sin is gá chun na cuspóirí a leagtar síos dó sna Conarthaí a bhaint amach.

- **Comhréireacht**

Is é atá sa togra seo athrú teoranta agus spriocdhírithe nach dtéann thar a bhfuil riachtanach chun an cuspóir maidir le solúbthacht bhreise i mbainistiú na gclár agus cumas freagartha breise a ghnóthú chun forálacha chur chun feidhme criticiúla a choigeartú, chun suaitheadh córasach féideartha san am atá le teacht a chomhrac.

Leis an gcumhachtú a bheartaítear, beidh an Coimisiún in ann tacar teoranta de bhearta láithreacha a ghlacadh, i gcás géarchéime amach anseo, go ceann tréimhse teoranta ama. Comhlíonann sé, dá bhrí sinn, prionsabal na comhréireachta.

- **An rogha ionstraime**

Déanann an togra seo leasú ar thogra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Neamhbhainteach

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní dhearnadh aon chomhairliúchán le páirtithe leasmhara seachtracha. Mar sin féin, tá an togra ag teacht as dianchomhairliúcháin leis na Ballstáit agus le Parlaimint na hEorpa le cúpla seachtain anuas.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Neamhbhainteach

- **Measúnú tionchair**

Gabhann measúnú tionchair le togra RFC. Bailíochtaíodh leis an measúnú tionchair an córas seachadta arna mholadh i leith na gCistí sin, mar a léirítear i dtogra RFC an 29 Bealtaine 2018.

Na modhnuithe beartaithe ar thogra RFC, tá siad teoranta agus spriocdhírithe, agus ní bheartaítear leo ailtireacht agus bunchlocha an togra tosaigh a mhodhnú. Ní dhéanfar leo ach cúrsaí a fheabhsú agus a choigeartú ar bhealach teoranta bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh i gcomhthéacs phaindéim COVID-19 agus na n-éifeachtaí a bhí aici. Dá bhrí sin, ní dhearnadh measúnú tionchair neamhspleách.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Na modhnuithe beartaithe ar thogra RFC, tá siad teoranta agus spriocdhírithe, agus ní bheartaítear leo eilimintí a bheadh ábhartha le haghaidh sheiceálacha ar an oiriúnacht rialála nó simpliúcháin.

- **Cearta bunúsacha**

Níl iarmhairtí ag an togra ar chearta bunúsacha, toisc nach modhnaítear leis na heilimintí comhfhreagracha sa togra le haghaidh Rialachán na bhForálacha Coiteanna an 29 Bealtaine 2018.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní thugtar faoi deara leis an modhnú beartaithe aon athrú ar an togra le haghaidh an chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile faoi choinne na tréimhse 2021-2027[6].

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Neamhbhainteach

[6] COM(2018) 322 final.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Neamhbhainteach

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Dírítear ar na heilimintí seo a leanas leis na leasuithe ar thogra RFC:

- Tuilleadh solúbthachta chun acmhainní a aistriú idir Cistí, arna dhéanamh le solúbthacht bhreise le haghaidh aistrithe idir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa+ nó an Ciste Comhtháthaithe, faoi Airteagal 21.
- An Coimisiún a chumhachtú chun gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh chun gur féidir bearta sealadacha a dhéanamh chun na Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthoisc eisceachtúil agus neamhghnách ionas gur féidir:
  - íocaíochtaí eatramhacha a mhéadú 10 bpointe céatadáin;
  - oibríochtaí a rinneadh cheana a roghnú;
  - incháilitheacht aisghníomhach oibríochtaí a cheadú;
  - síneadh a chur leis na spriocdhátaí maidir le doiciméid agus sonraí a chur isteach;
- Ísliú a dhéanamh ar an tairseach le haghaidh oibríochtaí is féidir a dhéanamh go céimiúil thar dhá thréimhse chláraithe, go dtí EUR 5 mhilliún.

2018/0196 (COD)

Togra leasaithe le haghaidh

**RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste Tearmainn agus Imirce, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosaí"**

Leasaítear togra COM(2018) 375 ón gCoimisiún mar seo a leanas:

(1) cuirtear isteach aithris (15a) seo a leanas:

"(15a) Chun solúbthacht a sholáthar do na Ballstáit chun leithdháileadh acmhainní airgeadais a leithdháileadh agus a choigeartú i gcomhréir lena gcuid riachtanas sonrach, is gá an deis a thabhairt dóibh chun aistrithe teoranta a iarraidh ó na Cistí chuig aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach nó i measc na gCistí ag tús na tréimhse cláraithe nó le linn na tréimhse cur chun feidhme.";

(2) cuirtear isteach aithris (20 a) seo a leanas:

"(20a) Chun gur féidir mearfhreagairt a thabhairt ar imthosca eisceachtúla agus neamhghnácha dá dtagraítear sa Chomhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis agus a d'fhéadfadh teacht chun cinn le linn na tréimhse cláraithe, ba cheart bearta sealadacha a dhéanamh chun úsáid na gCistí a éascú mar fhreagairt ar na himthosca sin.";

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad aithris (71):

"(71) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le Comhaontuithe Comhpháirtíochta a ghlacadh, maidir le cláir a ghlacadh nó a leasú agus maidir le ceartuithe airgeadais a chur i bhfeidhm, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Na cumhachtaí cur chun feidhme i ndáil leis an bhformáid atá le húsáid chun neamhrialtachtaí a thuairisciú, na sonraí leictreonacha atá le taifeadadh agus le stóráil agus an teimpléad le haghaidh na tuarascála deiridh ar fheidhmíocht, ba cheart iad a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Cé gur de chineál ginearálta iad na gníomhartha sin, ba cheart an nós imeachta comhairleach a úsáid ós rud é nach leagtar amach iontu ach gnéithe teicniúla, foirmeacha agus teimpléid. Na cumhachtaí cur chun feidhme i ndáil le miondealú na leithdháiltí airgeadais ar CFRE, do CSE+ agus don Chiste Comhtháthaithe a leagan síos, ba cheart iad a ghlacadh gan nósanna imeachta an choiste ós rud é nach bhfuil iontu ach léiriú ar chur i bhfeidhm modheolaíochta ríomha réamhshainithe. Thairis sin, ba cheart na cumhachtaí cur chun feidhme maidir leis na bearta sealadacha chun na Cistí a úsáid mar fhreagairt ar imthosca eisceachtúla a ghlacadh gan nósanna imeachta an choiste ós rud é gurb é an Comhshocrú Cobhsaíochta agus Fáis a chinneann raon feidhme an iarratais agus go bhfuil sé teoranta do na bearta a leagtar amach sa Rialachán seo.

---

(*)Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis

na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13)";

(4) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

"2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an tsraith Fostaíocht agus Nuálaíocht Shóisialta agus an tsraith de CSE+ ná maidir leis na comhpháirteanna bainistíochta dírí ná indírí de CEMI, de CTIL, de CSI ná de IBTV, ach amháin i gcás cúnamh teicniúil ar thionscnamh an Choimisiúin.";

(5) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad pointe (d):

" (d) i gcás inarb ábhartha, miondealú na n-acmhainní airgeadais de réir catagóir réigiún arna tharraingt suas i gcomhréir le hAirteagal 102(2) agus méideanna na leithdháiltí a bheartaítear a aistriú de bhun Airteagail 21 agus 105, lena n-áirítear údar leis na haistrithe sin;";

(6) Leasaítear Airteagal 21 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 1:

"1. Féadfaidh Ballstáit, sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarratas le haghaidh leasú ar chlár, aistriú a iarraidh ar suas le 5 % ina iomláine de leithdháileadh náisiúnta gach Ciste ar aon ionstraim eile faoi bhainistíocht dhíreach nó indíreach.

Féadfaidh Ballstáit, sa Chomhaontú Comhpháirtíochta nó in iarratas le haghaidh leasú ar chlár, aistriú a iarraidh ar suas le 5 % ina iomláine de leithdháileadh náisiúnta gach Ciste ar Chiste eile nó ar Chistí eile. Féadfaidh Ballstáit aistriú breise a iarraidh de suas le 5 % d'iomlán an leithdháilte tosaigh de réir Ciste idir Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa+ nó an Ciste Comhtháthaithe laistigh d'acmhainní foriomlána an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post.";

(b) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 3:

"3. Le hiarrataí ar leasú cláir, leagfar amach an méid iomlán arna aistriú le haghaidh gach bliana de réir Ciste agus de réir catagóir réigiúin, i gcás inarb ábhartha, tabharfar údar cuí dóibh agus beidh ag gabháil leo an clár nó na cláir leasaithe i gcomhréir le hAirteagal 19.";

(c) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad mír 5:

"5. I gcás iarraidh a bhaineann le leasú ar chlár, ní fhéadfar ach acmhainní na mblianta féilire atá le teacht a aistriú.";

(7) cuirtear an méid seo a leanas in ionad theideal Caibidil III de Theideal II:

"**Bearta atá nasctha le rialachas eacnamaíoch fónta agus le himthosca eisceachtúla agus neamhghnácha**";

(8) cuirtear Airteagal 15a isteach mar a leanas:

"*Airteagal 15a*

**Temporary measures for the use of the Funds in response to exceptional and unusual circumstances**

I gcás ina dtarlaíonn imeacht neamhghnách nach bhfuil smacht ag an mBallstát air, a bhfuil tionchar mór aige ar staid airgeadais an rialtais ghinearálta nó sleabhcadh eacnamaíoch i gcás an limistéir euro nó i gcás an Aontais ina iomláine dá dtagraítear sa deichiú fomhír d'Airteagal 5(1), an ceathrú fomhír d'Airteagal 6(3), an deichiú

fomhír d'Airteagal 9(1) nó an ceathrú fomhír d'Airteagal 10(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1466/97(**) nó i gcás ina dtarlaíonn imeachtaí eacnamaíocha diúltacha gan choinne a bhfuil mór-iarmhairtí mífhabhracha acu maidir le hairgeadas poiblí dá dtagraítear in Airteagail 3(5) agus 5(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1467/97 agus go bhfuil sé sin sainaitheanta ag an gComhairle tar éis [*dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*], féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin cinneadh cur chun feidhme agus le haghaidh na tréimhse a shainítear sa chinneadh sin:

(a) arna iarraidh sin ó Bhallstát, íocaíochtaí eatramhacha a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100%, de mhaolú ar Airteagal 106(3) agus Airteagal 106(4);

(b) cur ar chumas údaráis an Bhallstáit oibríochtaí tacaíochta a roghnú atá críochnaithe go fisiceach nó atá lánchurtha chun feidhme sula gcuirtear an t-iarratas ar chistiú faoin gclár faoi bhráid an údaráis bhainistithe, de mhaolú ar Airteagal 57(6), ar choinníoll gur freagairt ar na himthosca eisceachtúla í an oibríocht;

(c) foráil a dhéanamh maidir le caiteachas le haghaidh oibríochtaí mar fhreagairt ar na himthosca sin ionas go mbeidh an caiteachas sin incháilithe ar an dáta a d'fhormhuinigh an Chomhairle gur tharla na himthosca sin, de mhaolú ar Airteagal 57(7);

(d) síneadh a chur leis na spriocdhátaí maidir le doiciméid agus sonraí a chur faoi bhráid a Choimisiúin suas le 3 mhí, de mhaolú ar Airteagal 36(5), Airteagal 37(1), Airteagal 39(2) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 44(3).

---

(*)Rialachán (CE) Uimh. 1466/97 ón gComhairle an 7 Iúil 1997 maidir leis an bhfaireachas ar riochtaí buiséadacha, agus an faireachas ar bheartais eacnamaíocha agus a gcomhordú, a neartú (IO L 209, 2.8.1997, lch. 1)";

(9) in Airteagal 111(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

"(b) go bhfuil costas iomlán na hoibríochta os cionn EUR 5 mhilliún;";

(10) Déantar Iarscríbhinní I, II, agus V a leasú i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an togra seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*